AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 30.1.2014
COM(2014) 32 final

2014/0014 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an scéim cabhrach chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar sna forais oideachais**

{SWD(2014) 28 final}
{SWD(2014) 29 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### Comhthéacs ginearálta

I Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Comheagraíocht Aonair na Margaí)[1], déantar foráil maidir le creat dlíthiúil agus airgeadais lena rialaítear dáileadh táirgí talmhaíochta roghnaithe ar leanaí i scoileanna tríd an Scéim Bainne Scoile agus an Scéim Torthaí Scoile.

Forbraíodh an dá scéim go neamhspleách ar a chéile agus i dtréimhsí ama éagsúla. Cuireadh tús leis an Scéim Bainne Scoile tráth bhunú Chomheagraíocht na Margaí do bhainne in 1968 agus tá an scéim sin á cur chun feidhme ó 1977. Clár níos déanaí is ea an Scéim Torthaí Scoile a d'eascair as tiomantas polaitiúil i gcomhthéacs an athchóirithe a rinneadh in 2007 ar Chomheagraíocht na Margaí do thorthaí agus glasraí. Feidhmíonn na scéimeanna reatha faoi chreataí difriúla dlíthiúla agus airgeadais, agus tá roinnt difríochtaí tábhachtacha eatarthu ó thaobh cheapadh agus fheidhmiú na scéimeanna de.

Bunaíodh an dá scéim chun caitheamh torthaí agus glasraí agus táirgí bainne a chur chun cinn. Is earnálacha tábhachtacha iad an dá earnáil sin ó thaobh na talmhaíochta san Eoraip de agus is ionann gach ceann acu agus tuairim is 15% de luach aschur iomlán talmhaíochta an Aontais Eorpaigh (AE). Sa bhreis ar thábhacht eacnamaíoch na n-earnálacha sin, is le leas an phobail iad ó thaobh cúrsaí sláinte de agus tá na táirgí sin oiriúnach don dáileadh ar leanaí scoile.

Tá an réasúnaíocht ba chúis le bunú an dá scéim scoile ábhartha fós ós rud é go bhfuil an méid torthaí agus glasraí agus táirgí bainne a chaitear ag dul i laghad. D'ainneoin go ndearnadh iarrachtaí caitheamh na dtáirgí sin a chur chun cinn ó thaobh na sláinte agus na talmhaíochta de ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE, is i laghad atá an nós ag dul i gcónaí, go háirithe maidir le torthaí agus glasraí úra agus bainne óil. Is measa fós an cás mar gheall ar an gclaonadh sa lá atá inniu ann bia próiseáilte a ithe ar minic cuid mhór siúcra, salainn agus saille breise iontu, agus cuirfidh na haoisghrúpaí óga leis an gclaonadh sin.

Cé go bhfuil glactha go dearfach leis na scéimeanna reatha sna scoileanna agus go n-aithnítear go bhfuil gá leo, léiríonn conclúidí a tarraingíodh as tuarascálacha éagsúla agus meastóireachtaí seachtracha go bhfuil laigí áirithe ag baint le ceapadh na scéimeanna agus neamhéifeachtúlacht ag baint lena bhfeidhmiú.

Táthar ag tnúth go réiteoidh gnéithe tábhachtacha atá i CBT 2020 cheana cuid de na fadhbanna a sainaithníodh, go háirithe trí athruithe suntasacha a dhéanamh ar mhaoiniú na Scéime Torthaí Scoile agus tríd an ngné oideachais den scéim a neartú. Tá sé de cheangal faoin Scéim Bainne Scoile anois go mbeidh ar na Ballstáit rannpháirteacha straitéis a tharraingt suas agus cuideoidh sin fócas a thabhairt do chur chun feidhme na scéime, mar is amhlaidh cheana i gcás na Scéime Torthaí Scoile. Glacadh an togra ón gCoimisiún maidir le CBT 2020 sular críochnaíodh na meastóireachtaí seachtracha ar na scéimeanna reatha agus tuarascáil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE anseo feasta), áfach.

### Cuspóirí an togra

Leis an togra, féachtar, ní amháin le díriú ar na fadhbanna inginiúla a bhaineann go dlúth le feidhmiú na scéimeanna chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na scéimeanna a mhéadú, ach

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007) ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

féachtar freisin le freagairt beartais níos aontaithe a thabhairt lena áirithiú go mbeifear in ann na cuspóirí fadtéarmacha a chomhlíonadh agus freagairt éifeachtach a thabhairt ar dhúshláin sheachtracha. Luíonn an méid sin le moladh CIE gur cheart comhordú agus sineirgíocht níos fearr a bheith idir an dá scéim chun cur chuige atá comhsheasmhach go foriomlán i leith cúrsaí cothaithe agus bainistíocht éifeachtúil na gclár a áirithiú. Leis an togra seo, freagraíonn an Coimisiún freisin don cheanglas um thuairisciú a eascraíonn ó Airteagal 225(c) den Rialachán maidir leis an bhféidearthacht raon feidhme na scéimeanna scoile a leathnú chun ola olóige agus ológa boird a áireamh.

Ar an gcéad dul síos, tá sé mar aidhm ag an togra beartú reatha na scéimeanna a athdhíriú ar na cuspóirí fadtéarmacha, d'fhonn gnéithe oideachais an dá scéim a neartú agus d'fhonn cuidiú saoránaigh óga a chur i dteagmháil in athuair le bia agus a fhoinsí, agus sa dóigh sin chuirfí leis an tuiscint atá ag daoine ar chúrsaí talmhaíochta agus táirgí talmhaíochta, an CBT agus an AE. I láthair na huaire, tá bearna idir ceapadh na scéimeanna agus na cuspóirí sin, ós rud é go dtugtar aghaidh leis an dá scéim ar na cuspóirí ar bhealaí éagsúla. Bhí an ghné oideachais ina cuid den Scéim Torthaí Scoile ón tús, ach ní chuireann an Scéim Bainne Scoile aon oibleagáid ar na Ballstáit bearta oideachais faoi leith a úsáid agus, ar an ábhar sin, is lag an nasc idir na táirgí a dháiltear agus an scéim. Ina theannta sin, tá córas meastóireachta agus faireacháin na Scéime Bainne Scoile lag agus is gá feabhas a chur ar chóras na Scéime Torthaí Scoile, rud a bhfuil an-tionchar aige ar éifeachtúlacht meántéarmach nó fadtéarmach na scéimeanna a thomhas.

Ar an dara dul síos, is é an sprioc atá ann na creataí dlíthiúla agus airgeadais ar leith atá ann faoi láthair a chur ar aon réim agus a chomhdhlúthú agus infheictheacht ionchur an AE a mhéadú, lena áirithiú go mbeidh cur chuige an CBT comhsheasmhach go foriomlán ó thaobh dháileadh na dtáirgí sna scoileanna de agus chun éifeachtúlacht na bainistíochta a uasmhéadú. Dé bhrí gur forbraíodh na scéimeanna reatha go neamhspleách ar a chéile agus i dtréimhsí ama éagsúla, tá easpa comhordaithe agus comhsheasmhachta eatarthu, cé go bhfuil cuspóirí agus spriocghrúpaí comhchosúla acu. Faoin gcóras ilroinnte reatha tá an iomad cineálacha cur chuige agus teachtaireachtaí éagsúla i gceist, rud a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar éifeachtacht an chórais trí chéile. Eascraíonn an fhadhb seo ó na creataí éagsúla dlíthiúla agus airgeadais, na difríochtaí sa mhargadh idir na táirgí lena mbaineann agus na cinntí a dhéantar ar leibhéal na mBallstát faoin dóigh a gcuirtear an dá scéim chun feidhme.

Agus an meall is mó ar deireadh, is gá éifeachtúlacht an chaiteachais a dhéantar chun caitheamh táirgí talmhaíochta i scoileanna a chur chun cinn a mhéadú, i gcás ina bhféadfaí acmhainneacht airgeadais na scéimeanna a dhíriú ar bhealach níos fearr chun tionchar na scéimeanna agus éifeachtúlacht costais an dáileacháin a mhéadú. Baineann cuid de na heaspaí reatha leis an dá scéim (amhail ualach mór riaracháin agus eagrúcháin) ach baineann cuid acu leis an Scéim Torthaí Scoile amháin (go háirithe an dóigh a bhfuil tuairim is 30 % d'acmhainneacht na scéime nach bhfuil á baint amach go leormhaith agus an dóigh a bhfuil difríochtaí móra idir chostais na dtáirgí a dháiltear) nó leis an Scéim Bainne Scoile amháin (d'fhéadfadh éifeacht mharbhualaigh a bheith ann agus tá an cóimheas costais-tairbhe íseal).

## 2. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNUITHE TIONCHAIR

Tosaíodh ag déanamh athbhreithniú ar na scéimeanna scoile i nDeireadh Fómhair 2012.

Le linn phróiseas an Mheasúnaithe Tionchair, rinneadh comhairliúchán poiblí inar iarradh ar pháirtithe leasmhara bheith páirteach san athbhreithniú. Bhí próiseas an chomhairliúcháin phoiblí bunaithe ar dhoiciméad comhairliúcháin a cuireadh le chéile de réir 9 gceist oscailte. Bhí an comhairliúchán ar siúl ar feadh 12 sheachtain agus is trí cheistneoir ar líne a rinneadh

é. Ina theannta sin, eagraíodh cruinnithe agus éisteachtaí le linn an phróisis, lena n-áirítear cruinniú leis na geallsealbhóirí an 15 Márta 2013.

Is iad seo a leanas na trí rogha a ndéantar cur síos orthu sa Mheasúnú Tionchair: 1) rogha an "status quo" faoina gcoinneofaí na creataí ar leith don dáileadh ar na scoileanna ach go dtabharfaí isteach na feabhsuithe a moladh a chur ar na scéimeanna scoile i CBT 2020; 2) rogha "an choigeartaithe" ina scrúdaítear an bhféadfaí cuspóirí an athbhreithnithe a bhaint amach laistigh den socrú reatha (creataí ar leith) ach trí na bearta/athruithe atá dírithe ar an mbearna atá idir na scéimeanna reatha ó thaobh na ngnéithe oideachais de a dhúnadh, rud a mhéadódh sineirgíochtaí idir an dá scéim, agus trí thuilleadh simplithe agus feabhsaithe a dhéanamh ar na cláir sa bhreis ar an méid atá molta i CBT 2020; agus 3) rogha "an chreata nua" faoina ndéanfaí athrú beartais nach beag i bhfoirm creata choitinn dhlíthiúil agus airgeadais do dháileadh líon teoranta táirgí, agus ina theannta sin go ndíreofaí ar na cuspóirí fadtéarmacha trí ghné oideachais na scéime a neartú.

Ar bhonn na meastóireachtaí ar na creataí beartais reatha agus ar bhonn na hanailíse ar na dúshláin agus na riachtanais atá romhainn, déantar na tionchair a bheadh ag na trí rogha beartais sin a mheasúnú agus cuirtear iad i gcomparáid leis an acmhainneacht atá iontu na cuspóirí a bhaint amach, agus meastar a éifeachtaí, a éifeachtúla agus a chomhleanúnaí a bheidís ó thaobh na gcuspóirí uileghabhálacha:

– Maidir le rogha an *status quo*, faoina neartófaí an Scéim Torthaí Scoile, d'fhágfadh sin go mbeadh na bearnaí atá ann cheana idir an Scéim Torthaí Scoile agus an Scéim Bainne Scoile níos measa arís ó thaobh na gné oideachais de agus ní chuirfeadh sé mórán leis na scéimeanna ó taobh éifeachtúlachta bainistíochta de. Ní chuirfeadh an rogha sin ach go teoranta freisin le hionchur an AE a dhéanamh níos aontaithe agus níos feiceálaí. Cé go bhfuil sí neodrach ó thaobh an bhuiséid de, tá roinnt neamhchinnteachta ag baint leis an mbuiséad fós féin faoin rogha seo ós rud é nach bhfuil aon teorainn le méid an mhaoinithe don Scéim Bainne Scoile. Bheadh ualach mór riaracháin ann i gcónaí i gcomparáid leis na tairbhí (cóimheas costais-tairbhe íseal), bheadh éagsúlachtaí móra ann ó thaobh éifeachtúlachta mar gheall ar dhifríochtaí móra i gcostais na dtáirgí don Scéim Torthaí Scoile agus d'fhéadfadh éifeacht mharbhualaigh a bheith i gceist leis an Scéim Bainne Scoile fós. Níltear cinnte an bhféadfadh an rogha seo freagairt chuí a thabhairt ar chuid de na dúshláin atá ag teacht chun cinn maidir le patrúin tomhaltais agus maidir leis an éileamh atá ar tháirgí úra talmhaíochta. Braitheadh nach gcuirfeadh an rogha ach go teoranta leis na cuspóirí cothrománacha (rialáil níos fearr agus simpliú), ach tugadh marc níos fearr di ó thaobh na hacmhainneachta atá ann cur le cuspóirí sláinte poiblí chun éagothroime sláinte a laghdú trí straitéisí agus spriocdhíriú náisiúnta.

– Ar an taobh eile, meastar go mbainfeadh príomhthionchair rogha an choigeartaithe le neartú gné oideachais na Scéime Bainne Scoile agus le sineirgíochtaí i gcur chun feidhme an dá scéim, cé go mbeadh na creataí neamhspleách ar a chéile fós. Chuirfeadh an rogha seo ar bhealach níos fearr leis na cuspóirí fadtéarmacha chun méadú inbhuanaithe a dhéanamh ar an éileamh atá ar na táirgí talmhaíochta seo agus chun nósanna itheacháin níos sláintiúla a mhúnlú. Tá sé dearfach freisin sa dóigh is go méadófaí ar na sineirgíochtaí, ach bheadh teorainn leo sin de bharr socruithe airgeadais difriúla a bheith ag na scéimeanna. Bheadh sochair ag baint freisin le hualach riaracháin níos lú, agus níos lú castachta i ngeall ar shineirgíochtaí agus nósanna imeachta coiteanna.

– Faoi rogha an chreata nua, d'athrófaí béim an chórais scoile reatha chun bearta a áireamh lena bhféadfaí cuspóirí fadtéarmacha na scéimeanna a chomhlíonadh ar

bhealach níos fearr agus réiteofaí na difríochtaí atá ann faoi láthair idir an dá scéim. Ina theannta sin, faoin rogha seo thabharfaí níos mó solúbthachta do na Ballstáit chun an clár scoile a bhainistiú agus a ngníomhaíochtaí a spriocdhíriú de réir mar is gá agus solúbthacht bhuiséadach acu dá réir le go bhféadfaidís feidhmiú idir na teidlíochtaí airgeadais éagsúla agus aghaidh a thabhairt ar athruithe de réir mar a thiocfadh siad chun cinn. Sa bhreis air sin, tá an rogha seo ceaptha an tionchar is mó a bheith aici ar na scoileanna laistigh de bhuiséad teoranta. Chuirfí deireadh le neamhchinnteachtaí a bhaineann le buiséad an AE sa dóigh is go leagfaí teorainn sheasta síos do ranníocaíochtaí leis na scoileanna, ar teorainn í a léireodh an acmhainneacht ionsúcháin reatha (CBT 2020). A bhuí le socruithe maoinithe agus coinníollacha rannpháirtíochta feabhsaithe, d'fhéadfaí an acmhainneacht atá ann cheana a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla.

Ar an mbonn sin, is é an conclúid atá sa Mheasúnú Tionchair gurb é "rogha an chreata nua" an rogha is cothroime sa mhéid is go mbogfaí béim chóras na scéimeanna scoile de réir a chéile go dtí na spriocanna fadtéarmacha, rud a chuirfeadh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar na fadhbanna uileghabhálacha (caitheamh torthaí agus glasraí agus bainne a bheith ag dul i laghad agus otracht a bheith ag dul i méad), agus a chruthódh nasc ríthábhachtach leis an talmhaíocht agus le táirgí talmhaíochta éagsúla.

Leagadh béim nach beag ar an simpliú feadh an phróisis agus ba cheart cur leis ar bhealaí éagsúla. Bainfear sin amach go príomha tríd an simpliú a dhéanfar ar bhonn ghníomhartha an Choimisiúin i gcás ina ndéanfar riachtanais áirithe a chumasc nó a bhaint.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

Táthar ag moladh creat coiteann dlíthiúil agus airgeadais a bhunú do dháileadh torthaí agus glasraí agus bainne ar leanaí i scoileanna, agus tacaíocht a thabhairt dó sin le bearta neartaithe oideachais chun béim a chur ar an nasc le talmhaíocht agus táirgí talmhaíochta agus ar shaincheisteanna eile ar nós sláinte poiblí agus ábhar comhshaoil. Bheadh an creat nua neodrach ó thaobh an bhuiséid de agus d'fheidhmeodh sé faoin mbuiséad do na scéimeanna scoile dá bhforáiltear i CBT 2020. Tá struchtúr na scéime nua bunaithe go mór ar na gnéithe den dá scéim atá ann cheana a mheastar a bheith éifeachtúil agus ag feidhmiú go maith.

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 42 agus ar Airteagal 43(2) den Chonradh. Tá sé i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal na comhréireachta, a leagtar síos an creat gníomhaíochta agus na bunphrionsabail ar leibhéal an AE dá réir. Ag an am céanna, áfach, tá scóip ag na Ballstáit an scéim a oiriúnú, bunaithe ar a dtosaíochtaí féin agus i gcomhréir le sonraíochtaí náisiúnta/réigiúnacha, agus a spriocanna agus a rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme a leagan síos iad féin.

Is iad seo a leanas príomheilimintí an togra nua:

– An dáileachán a athshocrú: moltar dáileadh táirgí i scoileanna a dhíriú ar dhá "chroí-tháirge": torthaí agus glasraí úra (lena n-áirítear bananaí) agus bainne óil, agus cinnfidh údaráis náisiúnta sláinte cion saille an bhainne óil. Bheadh tairbhe ag baint leis sin ar roinnt cúiseanna, go háirithe ar an ábhar go ndéanfaí na táirgí a dháileadh faoi chuimsiú buiséid sheasta, laghdófaí an t-ualach eagrúcháin ar scoileanna agus luíonn sé leis an ngá atá ann an laghdú a bhíonn ag teacht i gcónaí ar chaitheamh na dtáirgí sin a chasadh thart. Bheadh sé i gcomhréir leis an gcleachtas i gcoitinne, mar gur torthaí agus glasraí úra agus bainne óil is mó a dháiltear faoi na scéimeanna reatha. D'fhéadfadh na Ballstáit réimse níos leithne táirgí talmhaíochta a áireamh freisin, áfach, faoi chuimsiú na mbeart téamach oideachais.

– Na forálacha airgeadais a aontú agus coinníollacha maoinithe a fheabhsú chun éifeachtúlacht an chaiteachais a mhéadú:

  – I bhfianaise na ndifríochtaí idir na táirgí agus a slabhraí soláthair, mar aon leis na difríochtaí ó thaobh tomhaltais de sna Ballstáit éagsúla, leithdháilfí "clúdaigh" ar leith ar Bhallstáit do thorthaí agus glasraí (lena n-áirítear bananaí) agus bainne. Is é a bheidh i gceist clúdach do thorthaí agus glasraí i gcomhréir le buiséad CBT 2020 (EUR 150 milliún) agus clúdach do bhainne i gcomhréir leis an úsáid atáthar ag súil le baint as cistí (EUR 80 milliún). Dhéanfaí foráil maidir le roinnt solúbthachta, sa dóigh is go bhféadfadh na Ballstáit scaireanna teoranta dá leithdháiltí a aistriú ó chlúdach go clúdach de réir mar is gá (ionchur a chinneadh de réir tosaíochta trí straitéisí). Faoi chuimsiú na gclúdach sin, bhunófaí tairseacha le haghaidh beart tacaíochta agus beart incháilithe eile, amhail bearta meastóireachta, faireacháin agus cumarsáide.

  – Bunaithe ar an taithí atá faighte go dtí seo, is trí uasmhéid cabhrach ón AE in aghaidh na ciondála a leagan síos do thorthaí agus glasraí agus do bhainne a dhéanfaí leibhéal na ranníocaíochta ón AE ar phraghas na dtáirgí a theorannú, agus nach trí leibhéil chómhaoinithe an AE mar a bhí i gceist i gcás na Scéime Torthaí Scoile. Eilimint nua a bheadh i gceist leis sin do thorthaí agus glasraí, agus chuideodh sé na difríochtaí móra ó thaobh praghsanna na dtáirgí a dháiltear a mhaolú agus d'fhágfadh sé go mbeadh an bhainistíocht ní ba shimplí. Dhéanfaí leibhéal an fhóirdheontais ón AE do bhainne a mhéadú chun an éifeacht mharbhualaigh a laghdú (trína fhágáil go bhféadfaí an bainne a dháileadh saor in aisce nó beagnach saor in aisce) agus thiocfadh méadú ar chóimheas costais-tairbhe an dáileacháin. Tá eilimintí sin an togra ag freagairt don ghealltanas a rinne an Coimisiún[2] i gcomhthéacs ghlacadh Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle[3] chun socruithe maoinithe na scéimeanna reatha a athbhreithniú, eadhon an chabhair chun bainne a dháileadh chomh maith le cómhaoiniú chostais na scéime torthaí scoile. Tabharfar cead do na Ballstáit leanúint de bheith ag tabhairt breisithe náisiúnta nó de chistiú príobháideach a mhealladh chun raon feidhme agus/nó méid a n-ionchuir sna scéimeanna scoile a mhéadú.

– An ghné oideachais a athneartú: bheadh bearta oideachais tacaíochta riachtanach freisin do dháileadh bainne, agus sa dóigh sin dhúnfaí an bhearna idir na scéimeanna reatha. Bheadh gné láidir oideachais ag baint leis na bearta sin, agus béim ar shaincheisteanna talmhaíochta, ar chothú/sláinte (aiste chothrom bia) agus ar ábhair chomhshaoil. Ina theannta sin, bheidís ina n-uirlis ríthábhachtach chun leanaí a chur ar an eolas faoi bhia, táirgeacht talmhaíochta agus feirmeoirí. Ba cheart bearta oideachais a dhíriú ar an bpobal scoile agus, más féidir, ar an teaghlach agus ar an bpobal i gcoitinne freisin agus ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar na roghanna sláintiúla bia agus deochanna atá ar fáil sna scoileanna cheana, rud atá ina cheist níos ginearálta. Tá na bearta sin úsáideach mar go léiríonn fianaise go bhfásann cuid mhór leanaí aníos agus gan a fhios a bheith acu cad as a dtagann a gcuid bia – an áit agus an dóigh a dtáirgtear é agus na táirgí a bhaineann leis na séasúir éagsúla. D'fhéadfadh na Ballstáit bearta oideachais téamacha a roghnú faoina n-áireofaí, anois agus arís, táirgí talmhaíochta seachas an dá chroí-tháirge amháin, amhail iógairt, torthaí agus

[2] An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht, 11 Samhain 2013.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 346, 20.12.2013, lch. 12).

glasraí próiseáilte, mil, ola olóige, agus rudaí eile mar iad. Ní mór do na húdaráis náisiúnta sláinte liosta de na táirgí ar fad a sholáthraítear faoin scéim agus na gnéithe cothaitheacha a bhaineann leo uile a fhormheas. Ní mór nasc díreach a bheith ag bearta oideachais tacaíochta le cuspóirí talmhaíochta na scéime agus iad a bheith i gcomhréir leis an gcuspóir aistí bia sláintiúla a chur chun cinn.

## 4. AN IMPLEACHT BHUISÉADACH

Tá tionchar an togra neodrach ó thaobh an bhuiséid de i gcomparáid leis an *status quo*. I gcás torthaí agus glasraí, ní athraítear an uasteorainn bhuiséadach atá socraithe faoi láthair i Rialachán Uimh. 1308/2013 (EUR 150 milliún in aghaidh na bliana scoile). I gcás bainne, áirítear faoin togra seo clúdach EUR 80 milliún in aghaidh na bliana scoile, agus é sin ag freagairt do chur i bhfeidhm ionchasach an bhuiséid agus é i gcomhréir leis na méideanna iomlána do chaiteachas a bhaineann leis an margadh agus do chabhair dhíreach a cuireadh san áireamh i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020.

Maidir leis an gcaiteachas a roinnt, is do dháileadh na dtáirgí agus bearta oideachas tacaíochta is mó a thabharfar tacaíocht airgeadais. Beidh costais eile, ar nós costais meastóireachta, faireacháin agus cumarsáide, incháilithe freisin go pointe teoranta. Socróidh an Coimisiún na huasteorainneacha do chostais beart oideachais tacaíochta agus do chostais ghaolmhara eile i bhfianaise na taithí atá faighte ó na cláir reatha.

Tá sonraí ar na himpleachtaí buiséadacha agus airgeadais sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra.

2014/0014 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an scéim cabhrach chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar sna forais oideachais**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42 agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[4],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I Roinn 1 de Chaibidil II de Theideal I de Chuid II de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], déantar foráil maidir le scéim torthaí agus glasraí scoile, lena n-áirítear bananaí, agus scéim bainne scoile.

(2) I bhfianaise na taithí atá faighte ó chur i bhfeidhm na scéimeanna reatha, mar aon le conclúidí na meastóireachtaí seachtracha agus an anailís a rinneadh tar éis sin ar roghanna éagsúla beartais, táthar den tuairim go bhfuil an réasúnaíocht ba chúis le bunú an dá scéim scoile ábhartha fós. Ba cheart don Aontas leanúint de chabhair airgeadais a thabhairt chun táirgí talmhaíochta áirithe a sholáthar do leanaí i bhforais oideachais ar an ábhar go bhfuil laghdú ag teacht sa lá atá inniu ann ar an méid torthaí agus glasraí a itear, lena n-áirítear bananaí, agus ar an méid táirgí bainne a chaitear agus ós rud é go bhfuil an treocht sin ag dul chun donachta mar gheall ar an gclaonadh reatha chun bia próiseáilte ar minic, ar a bharr sin, cuid mhór siúcra, salainn agus saille breise iontu.

(3) Léiríonn anailís a rinneadh ar roghanna éagsúla beartais gurb iomchuí agus gurb éifeachtaí cur chuige aontaithe faoi chreat coiteann dlíthiúil agus airgeadais chun na cuspóirí sonracha atá á saothrú ag an gComhbheartas Talmhaíochta trí na scéimeanna scoile a bhaint amach. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh na Ballstáit tionchar an dáileacháin a uasmhéadú laistigh de bhuiséad seasmhach agus éifeachtúlacht na bainistíochta a mhéadú. Mar sin féin, chun aird a thabhairt ar na difríochtaí idir torthaí

[4] IO C , , lch. .

[5] IO C , , lch. .

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007) ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671)

agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus táirgí bainne, ar thaobh amháin, agus a slabhraí soláthair ar an taobh eile, ba cheart gnéithe áirithe a choinneáil ar leithligh i gcónaí, amhail na clúdaigh bhuiséadacha faoi seach. I bhfianaise na taithí atá faighte ó na scéimeanna reatha, is ar bhonn deonach ba cheart do na Ballstáit a bheith rannpháirteach sa scéim i gcónaí. Agus na difríochtaí idir na patrúin tomhaltais ar fud na mBallstát á gcur san áireamh, ba cheart rogha a bheith ag Ballstáit rannpháirteacha na táirgí ar fad is incháilithe a sholáthar do leanaí i bhforais oideachais nó gan ach ceann amháin de na táirgí sin a dháileadh.

(4) Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil an méid torthaí agus glasraí úra, lena n-áirítear bananaí, agus bainne óil a chaitear go háirithe ag dul i laghad. Is iomchuí, mar sin, díriú ar dháileadh na dtáirgí sin faoi na scéimeanna scoile. Chuideodh sé sin freisin an t-ualach eagrúcháin ar na scoileanna a laghdú agus tionchar an dáileacháin laistigh de bhuiséad seasmhach a mhéadú agus bheadh sé i gcomhréir leis an gcleachtas reatha, ós rud é gurb iad na táirgí sin is minice a dháiltear faoi láthair.

(5) Ní mór bearta oideachais a dhéanamh a thugann tacaíocht don dáileadh le go mbeidh an scéim éifeachtach ó thaobh bhaint amach a cuspóirí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha, eadhon caitheamh táirgí talmhaíochta roghnaithe a mhéadú agus nósanna itheacháin níos sláintiúla a mhúnlú. Agus tábhacht na mbeart oideachais sin á cur sa mheá, ba cheart go dtacóidís le dáileadh torthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus bainne araon. Ba cheart iad a bheith incháilithe cabhair ón Aontas a fháil. Mar bhearta tacaíochta, is uirlis fhíorthábhachtach iad chun suim leanaí sa talmhaíocht agus i dtáirgí talmhaíochta a mhúscailt agus chun na cuspóirí atá ag an scéim a bhaint amach. Ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit réimse níos leithne de tháirgí talmhaíochta a áireamh ina mbearta téamacha. D'fhonn nósanna sláintiúla itheacháin a chur chun cinn, áfach, ba cheart baint a bheith ag na húdaráis náisiúnta sláinte leis an bpróiseas sin agus an liosta de na táirgí sin, mar aon leis an dá ghrúpa táirgí is incháilithe don dáileadh, a fhormheas, agus cinneadh a dhéanamh maidir lena ngnéithe cothaitheacha.

(6) Chun bainistíocht bhuiséadach fhónta a áirithiú, ba cheart foráil a dhéanamh go mbeidh uasteorainn sheasta do chabhair ón Aontas ann maidir le dáileadh torthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus dáileadh bainne, bearta oideachais tacaíochta agus costais ghaolmhara. Ba cheart don uasteorainn sin bheith ina léiriú ar an staid reatha. I bhfianaise na taithí atá faighte agus d'fhonn an bhainistíocht a shimpliú, ba cheart na múnlaí maoinithe a chomhfhogasú agus a bhunú ar chur chuige aonair i dtaca le leibhéal na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas. Dá bhrí sin, is iomchuí teorainn a chur le leibhéal na cabhrach ón Aontas i gcomhair chostas na dtáirgí trí uasmhéid cabhrach ón Aontas a shocrú in aghaidh na ciondála i gcás torthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus bainne, agus trí dheireadh a chur le prionsabal an chómhaointithe éigeantaigh do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí. Agus luaineacht i bpraghsanna na dtáirgí i gceist á cur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le bearta lena socraítear leibhéil na cabhrach ón Aontas i gcomhair costais ciondála de na táirgí agus lena leagtar síos an sainmhíniú ar cad is ciondáil ann.

(7) Lena áirithiú go n-úsáidtear cistí an Aontais ar bhealach éifeachtúil agus spriocdhírithe, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le bearta lena socraítear leithdháiltí táscacha na cabhrach ón Aontas do gach Ballstát agus na modhanna chun cabhair a ath-leithdháileadh idir na Ballstáit bunaithe ar iarrataí ar chabhair. Ba cheart na leithdháiltí táscacha a shocrú ar leithligh do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear

bananaí, ar thaobh amháin, agus do bhainne ar an taobh eile, i gcomhréir leis an gcur chuige deonach i leith dáileacháin. Ba cheart an scála leithdháilte do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, a bheith ina léiriú ar a bhfuil á leithdháileadh ag na Ballstáit faoi láthair, bunaithe ar an gcritéar oibiachtúil maidir le líon na leanaí san aoisghrúpa sé bliana go deich mbliana d'aois mar chion den daonra, ag cur san áireamh freisin stádas forbartha na réigiún lena mbaineann. Ionas go mbeidh Ballstáit in ann scóip a gclár reatha a choinneáil agus d'fhonn Ballstáit eile a spreagadh chun bainne a dháileadh freisin, is iomchuí teaglaim de dhá scála a úsáid le haghaidh leithdháileadh na gcistí do bhainne, eadhon an úsáid a bhain Ballstáit as cistí faoin Scéim Bainne Scoile roimhe seo agus an critéar oibiachtúil maidir le líon na leanaí san aoisghrúpa sé bliana go deich mbliana mar chion den daonra, ar scála é a úsáidtear do dháileadh torthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí. Chun an chionmhaireacht cheart a aimsiú don dá scála sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le rialacha breise a ghlacadh maidir le cothroime idir an dá chritéar. Ina theannta sin, agus na hathruithe athfhillteacha i staid dhéimeagrafach nó forbartha na réigiún sna Ballstáit á gcur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le measúnú a dhéanamh gach trí bliana féachaint an bhfuil leithdháiltí na mBallstát, bunaithe ar na critéir sin, fós cothrom le dáta.

(8) Ionas go bhféadfaidh na Ballstáit sin atá teoranta ó thaobh méide déimeagrafaí de scéim atá éifeachtúil ó thaobh costais de a chur chun feidhme, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le híosmhéid cabhrach ón Aontas a shocrú a bhfuil na Ballstáit ina theideal do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus do bhainne.

(9) Ar mhaithe le dea-riarachán agus bainistiú fónta buiséid, aon Bhallstáit ar mhian leo bheith rannpháirteach i ndáileadh torthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus/nó dáileadh bainne, ba cheart dóibh iarratas ar chabhair ón Aontas a chur isteach gach bliain. D'fhonn na nósanna imeachta agus an bhainistíocht a shimpliú, ba cheart an t-iarratas sin a chur isteach ar bhonn iarrataí aonair ar chabhair. Ar fháil na n-iarrataí ó na Ballstáit dó, ba cheart don Choimisiún na leithdháiltí críochnaitheacha a chinneadh do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus do bainne faoi chuimsiú na leithreasuithe atá ar fáil sa bhuiséad agus tar éis aistrithe teoranta idir leithdháiltí na mBallstát a chur san áireamh, ar aistrithe iad a spreagfaidh tosaíocht a thabhairt do dháileadh bunaithe ar riachtanais chothaitheacha. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le bearta lena socraítear na coinníollacha agus na teorainneacha a bhaineann leis na haistrithe sin.

(10) Ba cheart a mheas nach mór do Bhallstát straitéis náisiúnta a bheith ar bun aige le bheith rannpháirteach sa scéim agus gur doiciméad straitéiseach ilbhliantúil a bheidh sa straitéis sin, lena leagtar amach spriocanna nach mór do na Ballstáit a bhaint amach agus tosaíochtaí na spriocanna sin. Ba cheart cead a bheith ag Ballstáit na straitéisí sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta, go háirithe i bhfianaise na meastóireachtaí agus na n-athbhreithnithe ar thosaíochtaí nó spriocanna.

(11) Chun infheictheacht na scéime a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a mhíniú ina straitéis conas a rathóidh siad breisluach a scéime, go háirithe i gcás ina bhfuil táirgí arna maoiniú faoi scéim an Aontais á gcaitheamh ag an am céanna le béilí eile arna dtabhairt do leanaí i bhforas oideachais. Lena áirithiú go mbainfear amach cuspóir oideachais scéim an Aontais agus go bhfuil sé éifeachtach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le

rialacha a bhaineann le dáileadh na dtáirgí arna maoiniú faoi scéim an Aontais le hais soláthair béilí eile i bhforais oideachais agus ullmhú na mbéilí sin.

(12) Lena áirithiú gur léiriú iomlán é costas na dtáirgí arna dtabhairt do na leanaí faoin scéim ar an méid cabhrach a tugadh agus nach n-úsáidtear táirgí a dtugtar fóirdheontais dóibh ar aon bhealach seachas don úsáid atá beartaithe dóibh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha áirithe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le faireachán ar phraghsanna a bhunú faoin scéim.

(13) De bhrí go bhfuil deireadh á chur le prionsabal an chómhaoinithe do dháileadh torthaí agus glasraí, ní mór na forálacha iomchuí i Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013[7] a leasú.

(14) Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a leasú dá réir. Chun tréimhsiúlacht na bliana scoile a chur san áireamh, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha nua ón 1 Lúnasa 20XX,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Roinn 1 de Chaibidil II de Theideal I de Chuid II:

'CABHAIR CHUN TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA A SHOLÁTHAR I bhFORAIS OIDEACHAIS'

(2) scriostar an ceannteideal "Foroinn 1" agus an teideal "Scéimeanna torthaí agus glasraí scoile";

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

*"Airteagal 23*

**Cabhair do sholáthar torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne, do bhearta oideachais tacaíochta agus do chostais ghaolmhara**

1. Deonófar cabhair ón Aontas le haghaidh leanaí sna forais oideachais dá dtagraítear in Airteagal 22:

   (a) chun torthaí agus glasraí, bananaí, agus bainne a sholáthar;

   (b) chun bearta oideachais tacaíochta a dhéanamh; agus

   (c) chun costais ghaolmhara a íoc a bhaineann le cúrsaí lóistíochta agus dáileacháin, le trealamh, le poiblíocht, le faireachán agus le meastóireacht.

[7] Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 352/78, Rialachán (CE) Uimh 165/94, Rialachán (CE) Uimh. 2799/98, Rialachán (CE) Uimh. 814/2000, Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549).

2. Na Ballstáit sin ar mian leo páirt a ghlacadh sa scéim cabhrach a bunaíodh i mír 1 ("an scéim scoile"), féadfaidh siad torthaí nó glasraí, lena n-áirítear bananaí, a thagann faoi chuimsiú chód AC 0401, nó bainne a thagann faoi chuimsiú an chóid sin, a dháileadh nó an dá chineál táirgí sin a dháileadh.

3. Mar choinníoll le páirt a ghlacadh sa scéim scoile, sula mbeidh Ballstáit rannpháirteach sa scéim scoile ní mór dóibh straitéis maidir le cur chun feidhme na scéime a tharraingt suas agus déanfar sin arís tar éis sin gach sé bliana. Féadfaidh Ballstát an straitéis a leasú, go háirithe i bhfianaise faireacháin agus meastóireachta. Sa straitéis sin sainaithneofar ar a laghad na riachtanais is gá a chomhlíonadh, ord tosaíochta na riachtanas, an spriocphobal, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, agus na spriocanna cainníochtaithe atá le baint amach i ndáil leis an staid tosaigh, agus leagfar síos na hionstraimí agus na gníomhaíochtaí is iomchuí chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

4. Le go mbeidh an scéim scoile éifeachtach, déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta oideachais tacaíochta ar a bhféadfar bearta agus gníomhaíochtaí a áireamh a bheidh dírithe ar leanaí a chur i dteagmháil leis an talmhaíocht agus le réimse níos leithne de tháirgí talmhaíochta, agus ar leanaí a chur ar an eolas faoi ábhair ghaolmhara amhail nósanna itheacháin sláintiúla, cur amú bia a chomhrac, slabhraí bia áitiúla nó feirmeoireacht orgánach.

5. Agus a straitéisí á dtarraingt suas ag na Ballstáit, cinnfidh siad ar liosta de tháirgí talmhaíochta, sa bhreis ar thorthaí agus glasraí, bananaí agus bainne, a fhéadfar a áireamh ó am go ham faoi na bearta oideachais tacaíochta.

6. Roghnóidh na Ballstáit na táirgí atá le dáileadh nó atá le háireamh sna bearta oideachais tacaíochta ar bhonn critéar oibiachtúil ar a bhféadfar cúrsaí sláinte agus comhshaoil, séasúracht, éagsúlacht nó fáil a bheith ar an táirge a áireamh, agus tabharfar tús áite a mhéid is féidir do tháirgí de thionscnamh an Aontais, go háirithe do cheannach go háitiúil, táirgí orgánacha, slabhraí gearra soláthair nó tairbhí don chomhshaol.

7. Chun nósanna itheacháin sláintiúla a chur chun cinn, áiritheoidh na Ballstáit go dtacóidh a n-údaráis inniúla sláinte leis an liosta de na táirgí ar fad a sholáthraítear faoin scéim scoile agus déanfaidh siad cinneadh maidir le gnéithe cothaitheacha na dtáirgí sin."

(4) Cuirtear isteach Airteagal 23a:

*"Airteagal 23 a*

**Forálacha airgeadais**

1. An chabhair faoin scéim scoile a leithdháilfear chun táirgí a dháileadh agus chun bearta oideachais tacaíochta agus na costais ghaolmhara dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a chumhdach, gan dochar do na forálacha i mír 4, ní bheidh sí níos mó ná:

(a) do thorthaí agus glasraí agus bananaí: EUR 150 milliún in aghaidh na bliana scoile;

(b) do bhainne: EUR 80 milliún in aghaidh na bliana scoile.

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena gcinnteofar leibhéal na cabhrach ón Aontas a

fhéadfar a íoc maidir le costas na ciondála torthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus maidir le costas na ciondála bainne a dháilfear agus lena leagfar síos an sainmhíniú ar cad is ciondáil ann. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 lena socrófar íosmhéid agus uasmhéid chun bearta oideachais tacaíochta a mhaoiniú ó leithdháiltí críochnaitheacha bliantúla na mBallstát.

2. Leithdháilfear an chabhair dá dtagraítear i mír 1 ar gach Ballstát agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

   (a) i gcás torthaí agus glasraí lena n-áirítear bananaí: na critéir oibiachtúla bunaithe ar:

      (i) líon na leanaí idir sé bliana agus deich mbliana d'aois mar chion den daonra,

      (ii) a fhorbartha agus atá na réigiúin laistigh de Bhallstát lena áirithiú go dtabharfar níos mó cabhrach do réigiúin lagfhorbartha de réir bhrí Airteagal 3(5) den Rialachán seo, do na réigiúin is forimeallaí atá liostaithe in Airteagal 349 den Chonradh nó/agus do na hOileáin bheaga Aeigéacha de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) Uimh. 229/2013, agus

   (b) i gcás bainne: an úsáid a baineadh as cistí faoi scéimeanna roimhe seo chun bainne agus táirgí bainne a sholáthar do leanaí agus critéar oibiachtúil bunaithe ar líon na leanaí san aoisghrúpa sé bliana go deich mbliana d'aois.

   Déanfaidh an Coimisiún measúnú gach trí bliana ar a laghad féachaint an mbíonn na leithdháiltí táscacha do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus do bhainne, i gcomhréir i gcónaí leis na critéir oibiachtúla dá dtagraítear sa mhír seo.

3. Iarrfaidh Ballstáit páirt a ghlacadh sa scéim scoile gach bliain trí iarratas a chur isteach ar chabhair ón Aontas do gach táirge ar mian leo dáileadh dá dtagraítear in Airteagal 23(1)(a).

4. Gan dul thar an uasteorainn dhomhanda EUR 230 milliún a thagann as na méideanna dá dtagraítear faoi phointe (a) agus pointe (b) de mhír 1, féadfaidh Ballstáit suas le 15 % dá leithdháiltí táscacha do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, nó do bhainne a aistriú chuig an earnáil eile faoi na coinníollacha a shonróidh an Coimisiún trí bhíthin gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 227.

5. Beidh an scéim scoile gan dochar d'aon scéimeanna scoile náisiúnta eile a luíonn le reachtaíocht an Aontais.

6. Féadfaidh na Ballstáit, sa bhreis ar chabhair ón Aontas, cabhair náisiúnta a dheonú i gcomhréir le hAirteagal 217.

7. Féadfaidh an tAontas maoiniú a thabhairt freisin, faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, chun bearta faisnéise, faireacháin agus meastóireachta a dhéanamh i ndáil leis an scéim scoile, lena n-áirítear bearta chun feasacht an phobail ina leith a ardú, agus bearta líonraithe gaolmhara.

8. Poibleoidh na Ballstáit sin atá rannpháirteach sa scéim, ag na hionaid ina bhfuil an bia á dháileadh, go bhfuil siad páirteach sa scéim agus go bhfuil

fóirdheontas á fháil acu ón Aontas. Áiritheoidh na Ballstáit breisluach agus infheictheacht scéim scoile an Aontais le hais soláthair béilí eile i bhforais oideachais."

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24 agus Airteagal 25:

*"Airteagal 24*

**Cumhachtaí tarmligthe**

1. Chun nósanna itheacháin sláintiúla leanaí a chur chun cinn agus lena áirithiú go mbeidh an chabhair faoin scéim scoile dírithe ar leanaí atá sa spriocghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 22, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i dtaobh rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) na critéir bhreise maidir le cabhair a bheith á spriocdhíriú ag na Ballstáit;

   (b) na hiarratasóirí ar chabhair a bheith á bhformheas agus á roghnú ag na Ballstáit;

   (c) tarraingt suas na straitéisí náisiúnta nó réigiúnacha agus bearta oideachais tacaíochta.

2. Chun úsáid éifeachtúil agus spriocdhírithe chistí an Aontais a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) leithdháileadh táscach na cabhrach idir Bhallstáit do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus do bhainne, agus nuair is iomchuí athbhreithniú ar an leithdháileadh sin tar éis an mheasúnaithe dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 23*a*(2), na híosmhéideanna cabhrach ón Aontas do gach Ballstáit, an modh chun leithdháileadh na cabhrach a ath-leithdháileadh idir Bhallstáit bunaithe ar na hiarratais atá faighte, agus na rialacha breise a bhaineann leis an dóigh a gcuirfear na critéir dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal *23a*(2) san áireamh agus na cistí á leithdháileadh,

   (b) na coinníollacha a bhaineann leis na haistrithe idir na leithdháiltí do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus do bhainne;

   (c) na costais agus/nó na bearta atá incháilithe cabhair a fháil ón Aontas agus an fhéidearthacht atá ann íosmhéideanna agus uasmhéideanna a shocrú do chostais shonracha;

   (d) an dualgas ar na Ballstáit faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a scéimeanna scoile.

3. Chun feasacht faoin scéim scoile a chur chun cinn, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227, lena gcuirfear de cheangal ar na Ballstáit a bhfuil scéim scoile acu poiblíocht a thabhairt do ról fóirdheonaithe na cabhrach ón Aontas.

4. Chun breisluach agus infheictheacht scéim an Aontais a áirithiú, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 227 i dtaobh rialacha a bhaineann le dáileadh táirgí le hais soláthair béilí eile i bhforais oideachais.

5. Ag cur san áireamh gur gá a áirithiú gur léir tionchar na cabhrach ar na praghsanna ar a gcuirtear táirgí ar fáil faoin scéim, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 227, rialacha a ghlacadh maidir le faireachán ar phraghsanna a bhunú faoin scéim.

*Airteagal 25*

**Cumhachtaí cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin**

Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na bearta is gá a ghlacadh chun an Roinn seo a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) leithdháileadh críochnaitheach na cabhrach do thorthaí agus glasraí, lena n-áirítear bananaí, agus/nó do bhainne, idir na Ballstáit rannpháirteacha laistigh de na teorainneacha a leagtar amach in Airteagal 23*a*(1), agus na haistrithe dá dtagraítear in Airteagal 23a(4) á gcur san áireamh;

(b) an fhaisnéis atá le háireamh i straitéisí na mBallstát;

(c) na hiarratais ar chabhair agus íocaíochtaí;

(d) na modhanna poiblithe, agus bearta líonraithe i leith na scéime scoile;

(e) cur isteach, formáid agus ábhar na dtuarascálacha faireacháin agus meastóireachta a ullmhóidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa scéim scoile;

(f) bainistiú an fhaireacháin ar phraghsanna."

(6) Scriostar Foroinn 2.

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 217:

*"Airteagal 217*

**Íocaíochtaí náisiúnta ar mhaithe le táirgí a dháileadh ar leanaí**

Sa bhreis ar an gcabhair ón Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 23, féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh ar mhaithe le táirgí a sholáthar do leanaí i bhforais oideachais nó do na costais bhreise dá dtagraítear in Airteagal 23(1)(c).

Féadfaidh na Ballstáit na híocaíochtaí sin a mhaoiniú trí thobhach a ghearradh ar an earnáil lena mbaineann nó trí aon ranníocaíocht eile ón earnáil phríobháideach.

Sa bhreis ar an gcabhair ón Aontas dá bhforáiltear in Airteagal 23, féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí náisiúnta a dhéanamh chun bearta oideachais tacaíochta a mhaoiniú, dá dtagraítear in Airteagal 23(4)."

(8) Scriostar Iarscríbhinn V.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013**

In Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) ranníocaíocht airgeadais an Aontais le haghaidh na mbeart a bhaineann le galair ainmhithe agus le laghdú ar mhuinín na dtomhaltóirí dá dtagraítear in Airteagal 220 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013."

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Lúnasa sa bhliain X.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Na forais atá leis an togra/tionscnamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an scéim cabhrach chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar sna forais oideachais

Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[8]

### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[9]

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

XBaineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo birt nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Tá sé mar aidhm ag an togra méadú inbhuanaithe a dhéanamh ar an méid torthaí agus glasraí agus táirgí bainne a bhíonn i gcothú leanaí, agus sa dóigh sin chuirfí le cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta (CBT) chun na margaí a chobhsú agus dhéanfaí an t-éileamh ar na táirgí sin a áirithiú san fhadtéarma. Tá sé mar aidhm aige freisin cur le cuspóirí sláinte poiblí níos leithne amhail laghdú a dhéanamh ar rómheáchan, otracht agus galair a bhaineann le cothú trí nósanna itheacháin sláintiúla inbhuanaithe a chothú.

#### *1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Cuspóir sonrach: Rochtain ar bhia a fheabhsú do ghrúpaí íogaire sóisialta

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann: 05 02 "Idirghabhálacha i margaí talmhaíochta"

#### *1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis*

Táthar ag súil go n-athróidh an togra an an méid eolais, an meon agus na tosaíochtaí atá ag saoránaigh óga i leith bia agus foinsí bia agus an tuiscint atá acu ar thalmhaíocht agus ar tháirgí talmhaíochta.
Táthar ag súil freisin go gcuirfear méadú ar éifeachtúlacht costais dháileadh na dtáirgí trí chabhair ón AE a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr.

[8] ABM: bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.
[9] Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Ina theannta sin, mhéadódh sé an chuid den bhuiséad a chaitear ar bhearta tionlacain agus sa dóigh sin chuirfí leis an tionchar atá acu ar thomhaltas an spriocghrúpa agus le druidim na bearna idir gnéithe oideachais na Scéime Torthaí Scoile (STS) agus na Scéime Bainne Scoile (SBS).
Ar deireadh, thiocfadh creat coiteann as freisin do gach Ballstát agus mhéadófaí ar infheictheacht ról an AE.

*1.4.4. Táscairí lena léirítear toradh agus tionchar*

Leagadh síos trí leibhéal de tháscairí maidir leis na cuspóirí:

Táscairí maidir leis an tionchar:
- Athrú ar chaitheamh díreach agus indíreach torthaí agus glasraí úra ag leanaí tar éis 5 bliana idirghabhála
- Athrú ar chaitheamh díreach agus indíreach bainne óil ag leanaí tar éis 5 bliana idirghabhála
- Feabhas ar cháilíocht an chothaithe i gcoitinne

Táscairí maidir le torthaí:
- An % den bhuiséad ar fáil arna chaitheamh ar bhearta tionlacain
- An % de bhearta tacaíochta arna gcur chun feidhme a bhfuil baint acu le talmhaíocht agus táirgí talmhaíochta
- Leibhéal éifeachtúlachta an chaiteachais chun caitheamh táirgí talmhaíochta i scoileanna a chur chun cinn

Táscairí maidir le haschur:
- Líon na mbeart tionlacain arna gcur chun feidhme i mBallstáit
- Líon na leanaí a raibh baint acu le bearta tionlacain agus é sin ina sciar de líon iomlán na leanaí atá rannpháirteach
- Líon na mbeart tionlacain sna Ballstáit a bhaineann le cúrsaí talmhaíochta
- Costas in aghaidh na ciondála
- Líon na mBallstát, na scoileanna agus na leanaí a bhí rannpháirteach
- Méid na dtáirgí arna dháileadh ar scoil (líon na gciondáilte de thorthaí agus glasraí agus de bhainne)

## 1.5. Na forais atá leis an togra/tionscnamh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Is iad na riachtanais is bunús leis an togra an gá atá le méadú inbhuanaithe a dhéanamh ar an méid torthaí agus glasraí a itheann leanaí agus an méid bainne a ólann siad agus an gá atá le nósanna itheacháin sláintiúla a chothú iontu.

Maidir le scéimeanna scoile an CBT mar a chuirtear chun feidhme faoi láthair iad, tá roinnt laigí i gceapadh na scéimeanna agus easnaimh ina bhfeidhmiú agus ní mór aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin, ar fadhbanna iad atá ag cur teorann le bhaint amach na gcuspóirí, i.e. caitheamh táirgí talmhaíochta a chur chun cinn (cuspóir margaidh) agus aistí bia sláintiúla a chur chun cinn i measc leanaí scoile (cuspóir sláinte).

Baineann na fadhbanna a sainaithníodh leis an mbearna idir ceapadh na scéimeanna agus a gcuspóirí (tá uirlisí oideachais éagsúla faoin dá scéim), leis an easpa comhordaithe agus comhsheasmhachta idir an dá scéim agus leis na heasnaimh a chuireann teorainn le tionchar láithreach an chaiteachais (ualach mór riaracháin agus eagrúcháin ar an dá scéim, 30 % den bhuiséad a bheith curtha i bhfeidhm go

heasnamhach sa STS, éifeacht mharbhualaigh féideartha agus cóimheas costais-tairbhe íseal sa SBS).

Baineann na bunchúiseanna den chuid is mó le teipeanna margaidh, creataí airgeadais éagsúla a bheith ann, cur chun feidhme éagsúil de réir Ballstáit agus le roinnt dálaí seachtracha.

1.5.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Is í an ghníomhaíocht ar leibhéal an AE a sholáthraíonn an cistiú is gá chun tionscnaimh a dhéanamh ar fud an AE agus a sholáthraíonn foinsí breise maoinithe a ligeann do Bhallstáit raon fheidhme a ngníomhaíochtaí a leathnú agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí sin a mhéadú. Dá mbeadh ar Bhallstáit brath ar fad ar a bhfoinsí airgeadais féin, ní bheadh formhór acu in ann tionscnaimh uaillmhianacha a chur chun feidhme. Cuireann sé freisin le hinchreidteacht na scéimeanna sna Ballstáit agus feabhsaíonn sé an dearcadh agus tuiscint atá ag saoránaigh ar an AE. Tá breisluach ag baint le creat de chuid an AE sa dóigh is go ndéanfadh sé eolas leanúnach, trédhearcacht, agus aistriú agus malartú taithí a éascú.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile dá leithéid san am a chuaigh thart*

Faoi láthair tá dhá chlár scoile um dháileadh bia ann atá maoinithe ag an AE faoi shainchúram Chomhbheartas Talmhaíochta an AE (CBT) agus atá dírithe go sonrach ar leanaí i bhforais oideachais, is iad sin an Scéim Bainne Scoile (SBS) agus an Scéim Torthaí Scoile (STS). Tá sé mar aidhm ag an dá scéim méadú a dhéanamh, ar bhonn marthanach, ar an gcion de na táirgí sin atá in aistí bia leanaí go luath ina saol nuair atá a nósanna itheacháin á múnlú agus sa dóigh sin cur le cuspóirí an CBT, go háirithe maidir le margaí a chobhsú agus éileamh ar na táirgí a áirithiú san fhadtéarma. Sa bhreis air sin, tá na scéimeanna i gcomhréir le cuspóirí sláinte poiblí níos leithne ós rud é go gcuidíonn siad nósanna itheacháin sláintiúla inbhuanaithe a chothú.

D'ainneoin go bhfuil glactha go dearfach leis na scéimeanna sna scoileanna agus go n-aithnítear go bhfuil acmhainneacht iontu, léiríonn conclúidí a tarraingíodh as tuarascálacha éagsúla - go háirithe as meastóireachtaí seachtracha ar an STS agus an SBS a thionscain an Coimisiún, agus as tuarascáil speisialta Uimh. 10/2011 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa - agus taithí a baineadh as cur chun feidhme na scéimeanna thar na blianta, léiríonn siad gur gá tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an dá scéim chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mbainistithe a mhéadú. Sa chomhaontú a rinneadh le déanaí maidir le hathchóiriú an CBT, tugadh aghaidh cheana ar chuid de na fadhbanna a sainaithníodh.

1.5.4. *Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Agus sonraíochtaí earnálacha á gcur san áireamh, tá an togra comhoiriúnach do chur chun cinn táirgí talmhaíochta. Tá sé i gcomhréir freisin le cuspóirí sláinte poiblí (bainistiú meáchain, éagothroime sláinte), le simpliú agus le prionsabail agus spriocanna a ceapadh sa Straitéis 'Eoraip 2020'.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse teoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

**X** Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse thosaigh BBBB go BBBB,

– cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[10]

☐ **Bainistíocht dhíreach** ag an gCoimisiún

– ☐ ag a ranna, lena n-áirítear an fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ ag na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

**X Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐an BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a sholáthraíonn siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme sa CBES de bhun Theideal V den CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

10 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

| |
|---|
| Faoin scéim nua, áirítear faireachán agus meastóireacht sna costais atá incháilithe cabhair a fháil ón AE toisc a thábhachtaí atá siad maidir le bainistiú agus measúnú fónta ar éifeachtacht/éifeachtúlacht na scéimeanna ó thaobh na cuspóirí a sainaithníodh a bhaint amach. Bunaítear nasc le straitéis náisiúnta/réigiúnach ilbhliantúil (6 bliana) freisin.<br><br>Déanfar an faireachán bunaithe ar na tuarascálacha bliantúla ó na Ballstáit ina mbeidh faisnéis faoin mbuiséad a úsáideadh, faoi líon na scoileanna/na leanaí atá rannpháirteach sna scéimeanna agus faoin gcion de líon iomlán na scoileanna/na leanaí sa spriocghrúpa atá i gceist, faoi mhinicíocht, fad, am agus córas an dáilte, faoi mheán-mheáchan agus meánphraghas na dtáirgí in aghaidh na ciondála, faoi mheántomhaltas an linbh agus faoi na cainníochtaí iomlána a dáileadh. Ina theannta sin, déanfar faireachán ar na bearta tionlacain freisin fad a bhaineann leis na modhanna a úsáideadh agus le costas na modhanna sin, minicíocht na mbeart, na scoileanna/leanaí rannpháirteacha, rannpháirteachas geallsealbhóirí agus na táirgí a dáileadh.<br><br>Is é a bheidh i gceist leis an bpróiseas meastóireachta tuarascálacha meastóireachta ó na Ballstáit tar éis an scéim a bheith á cur chun feidhme ar feadh 5 bliana chun tionchair mheántéarma na scéime a thomhas. Aon bhliain tar éis meastóireachtaí na mBallstát déanfar meastóireacht ar fud an AE chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na scéime ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an AE agus chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhsheasmhacht agus ábharthacht i gcoitinne i gcomhréir le caighdeáin agus treoirlínte meastóireachta an Choimisiúin. Thairis sin, d'fhéadfaí staidéar seachtrach ar tháscairí tionchar fadtéarmacha a bheartú.<br><br>Na meastóireachtaí seachtracha ar an STS agus an SBS agus tuarascáil speisialta Chúirt Iniúchóirí na hEorpa Uimh. 10/2011 ar na scéimeanna sin, cuireadh iad ar fad san áireamh go soiléir nuair a bhí na próisis faireacháin agus meastóireachta a bhaineann leis an scéim nua á gceapadh. |

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

#### *2.2.1. Na rioscaí a aithníodh*

| |
|---|
| Baineann an riosca ginearálta is féidir a shainaithint le héifeachtacht na scéime, i.e. go mbainfeadh cabhair ón AE tairbhithe deiridh na scéime amach agus go gcuideodh sí ar bhealach éifeachtach cuspóirí na scéime a bhaint amach.<br><br>Bunaithe ar an taithí atá á fáil ón STS, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar roghnú na n-iarratasóirí ar chabhair agus ar nósanna imeachta soláthair a úsáidtear chun conarthaí a bhronnadh le haghaidh dáileacháin, poiblíochta, faireacháin agus meastóireachta. Cumhdóidh forálacha rialaithe cur chun feidhme na gconarthaí sin freisin. D'fhéadfadh soláthar poiblí a bheith ina chnámh spairne don Scéim Scoile freisin.<br><br>I gcás rioscaí eile, amhail go bhféadfadh éifeacht mharbhualaigh a bheith ann agus costas iomarcach a bheith ar tháirgí atá le dáileadh nó corrlach iomarcach a bheith ann do sholáthraithe, is féidir foráil a dhéanamh maidir leo sin freisin (e.g. maidir le leibhéal na cabhrach ón AE in aghaidh na ciondála). |

Maidir leis na bearta tionlacain, d'fhéadfadh sé go mbeadh forluí ann le bearta oideachais a dhéantar i scoileanna cheana agus le cur chun cinn táirgí talmhaíochta. Chun an méid sin a sheachaint, beidh baint ag grúpa saineolaithe eolaíochta AE le sainiú na mbeart sin agus léireofar go soiléir an nasc atá ag na bearta le cuspóirí na scéime nua. Tabharfar aghaidh ar bhailíocht an chaiteachais go ginearálta le forálacha rialaithe a bhaineann le bearta tionlacain, agus tabharfar dearbhú freisin i gcás ina ndéantar na bearta sin a sheachfhoinsiú.

*2.2.2. Faisnéis maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm*

Is é a bheidh sa chóras rialaithe gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí rialaithe tarmligthe ar leibhéal na mBallstát.

Beidh gá le tuarascálacha bliantúla ó na Ballstáit ar rialuithe agus seiceálacha, bunaithe orthu sin atá in úsáid cheana don STS agus don SBS reatha, chun sonraí a sholáthar ar bhainistíocht riaracháin agus ar sheiceálacha ar an láthair.

Thairis sin, bainfidh an córas inmheánach bainistíochta agus rialaithe úsáid as na tuarascálacha faireacháin agus meastóireachta ó na Ballstáit agus as an meastóireacht ar fud an AE. Ar deireadh, tabharfaidh grúpa saineolaithe eolaíochta de chuid an AE comhairle do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir le cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht.

*2.2.3. Meastachán ar chostais agus ar shochair na rialuithe agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis*

Beidh an scéim scoile cumhdaithe ag an gcóras reatha bainistíochta agus rialaithe do chaiteachas an CERT (an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta).

Meastar nach dtiocfaidh méadú ar an ráta earráide don CERT mar thoradh ar an togra.

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an CBT a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air.

Déantar foráil sna córais rialuithe de ghnáth maidir le rialuithe uileghabhálacha riaracháin ar 100 % d'iarrataí ar chabhair, cros-seiceálacha le bunachar sonraí eile i gcás ina meastar gurb iomchuí sin, chomh maith le seiceálacha réamhíocaíochta ar an láthair ar íosmhéid idirbheart, ag brath ar an riosca a bhaineann leis an gcóras i gceist. Má léirítear sna seiceálacha sin líon mór neamhrialtachtaí, ní mór tuilleadh seiceálacha a dhéanamh.

Foráiltear freisin sa phacáiste reachtach chun an CBT a athchóiriú go ndéanfaidh na Ballstáit neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, go bhforchuirfidh siad pionóis atá éifeachtacht athchomhairleach comhréireach, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais nó dlí náisiúnta, agus go ndéanfaidh siad aon íocaíochtaí neamhrialta móide ús a aisghabháil. Áirítear ann sásra imréitigh uathoibríoch do chásanna neamhrialtachtaí, ina bhforáiltear, más rud é nach dtarlaíonn an aisghabháil laistigh de cheithre bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh d'ocht mbliana i gcás imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh, go n-íocfaidh an Ballstát lena mbaineann na méideanna nach n-aisghabhadh. Dreasacht láidir do na Ballstáit íocaíochtaí neamhrialta a aisghabháil chomh tapa agus is féidir a bheidh sa sásra sin.

Le linn chéim thosaigh na scéime nua agus cé nach bhforáiltear go ndéanfaidh an AE straitéisí na mBallstát a fhormheas go foirmiúil, fágfaidh forálacha maidir le hábhar na straitéisí (agus b'fhéidir maidir le teimpléad) go bhféadfaí riosca calaoise a aithint agus a chosc go luath.

Agus an scéim á cur chun feidhme, cuideoidh iarrataí ar léirmhíniú dlí nó ar chomhairle ón gCoimisiún agus/nó ón ngrúpa saineolaithe eolaíochta AE, cuideoidh siad leis na Ballstáit calaois a sheachaint.

Ina theannta sin, déanfar seiceálacha *ex post* agus bearta láidre leantacha i leith aon líomhaintí maidir le mí-úsáid chalaoiseach na scéime.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | LD/LN (11) | ó thíortha CSTE[12] | ó thíortha is iarrthóirí[13] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 2 | 05 02 08 12- Scéim Torthaí Scoile | Neamhdhifreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |
| 2 | 05 02 12 08 Scéim Bainne Scoile | Neamhdhifreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | LD/LN | ó thíortha CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | neamhbhainteach | | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

11 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

12 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

13 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí ó na Balcáin Thiar.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 2 | Fás inbhuanaithe: acmhainní nádúrtha |
|---|---|---|

| DG: AGRI | | | *2014*[14] | **2016**[15] | **2017** | **2018** | **2019** | **2020** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | |
| 05 02 08 12- Scéim Torthaí Scoile | Gealltanais | (1) | *122* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | Íocaíochtaí | (2) | *122* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 05 02 12 08 Scéim Bainne Scoile[16] | Gealltanais | (1a) | *75* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | *75* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| IOMLÁN leithreasuithe | Gealltanais | =1+1a | *197* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | Íocaíochtaí | =2+2 a | *197* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| • IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | *197* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| | Íocaíochtaí | (5) | *197* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| • IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gclár sonrach | | (6) | *0* | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| **IOMLÁN leithreasuithe** | Gealltanais | =4+ 6 | *197* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |

14 Is le haghaidh faisnéise amháin a thugtar na méideanna do Bhuiséad 2014.

15 Ar chúiseanna comparáide, glactar leis go dtosóidh an cur chun feidhme in 2016. Thairis sin, cuirfear an méadú ar an gclúdach do thorthaí scoile a aontaíodh san athchóiriú ar an CBT (Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta) chun feidhme ón mbliain scoile 2014/2015 agus glactar leis go n-úsáidfear an méid ina iomláine.

16 I gcás na scéime bainne, foráiltear sa togra go socrófar clúdach EUR 80 milliún in aghaidh na bliana scoile. Freagraíonn sin do mhéid an bhuiséid a bhfuiltear ag súil a chur i bhfeidhm agus tá sé i gcomhréir leis na méideanna iomlána do chaiteachas a bhaineann leis an margadh agus do chabhair dhíreach a cuireadh san áireamh i gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020.

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **do CHEANNTEIDEAL 2**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | =5+ 6 | *197* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |

EUR milliúin

| | | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| DG: AGRI | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| • Caiteachas riaracháin eile | | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| **IOMLÁN DG AGRI** | Leithreasuithe | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN leithreasuithe<br>do CHEANNTEIDEAL 5<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

EUR milliúin

| | | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe**<br>**faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | Íocaíochtaí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

- X Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin

| | | | **2016** | | **2017** | | **2018** | | **2019** | | **2020** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[17] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas |
| CUSPÓIR SONRACH | | | Rochtain ar bhia a fheabhsú do ghrúpaí íogaire sóisialta | | | | | | | | | | | |
| Aschur | Líon na mbeart tionlacain | | | | | | | | | | | | | |
| Aschur | Líon na leanaí i gceist leis na bearta tionlacain | | | | | | | | | | | | | |
| Aschur | Líon na mbeart tionlacain a bhaineann le cúrsaí talmhaíochta | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | |

17 Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– **X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin

| | **2016** | **2017** | **2018** | **2019** | **2020** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Caiteachas riaracháin eile | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna
- **X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | ***2016*** | ***2017*** | ***2018*** | ***2019*** | ***2020*** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón 'gclúdach iomlánaíoch') | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | |
| **XX** 01 04 *yy* | - sa cheanncheathrú | | | | | |
| | - sna toscaireachtaí | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA,SNE, INT – taighde indíreach) | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA,SNE, INT – taighde díreach) | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | |
| **IOMLÁN (*)** | | **4** | **4** | **4** | **4** | **4** |

Is é XX an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe taobh istigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Bainistiú reachtaíochta, ceapadh beartais, anailís agus comhairle eacnamaíoch, comhordú agus comhairliúchán idirsheirbhíse, cumarsáid inmheánach agus faisnéis phoiblí, ionadaíocht agus idirbheartaíocht a dhéanamh thar ceann na hinstitiúide, láimhseáil staitisticí, |
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– **X** Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☐ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– **X** Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

| |
|---|
| Leagtar amach ranníocaíocht airgeadais an Aontais don scéim seo i bpointe 3 d'Airteagal 1 den dréacht-Rialachán. Ina theannta sin, cinnfear leibhéal na cabhrach ón Aontas (bunráta) chun costas ciondála torthaí agus glasraí agus bainne a íoc trí bhíthin gníomhartha tarmligthe.<br><br>Cuirfear teorainn le leibhéal na cabhrach ón AE chun costas na dtáirgí a íoc trí uasmhéid cabhrach ón AE a leagan síos in aghaidh na ciondála do thorthaí agus glasraí agus do bhainne. Beidh sé de rogha ag na Ballstáit breisithe náisiúnta a thabhairt nó cistiú príobháideach a mhealladh chun raon feidhme agus/nó méid a n-ionchuir sna scéimeanna scoile a mhéadú. I láthair na huaire ní féidir suim iomlán na ranníocaíochta ó thríú páirtithe a chainníochtú, i bhfianaise éagsúlacht na dtríú páirtithe (poiblí agus/nó príobháideach) agus ós rud é nach bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fáil faoi láthair. |

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

– **X** Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

   ☐ ar acmhainní dílse

   ☐ ar ioncam ilghnéitheach